# BEIDH TEORAINN CHATHAIR CHORCAÍ

## AG ATHRÚ AR AN 31Ú BEALTAINE



## ÁR SAORÁNAIGH & CÓNAITHEOIRÍ

### AISTRIÚ SEIRBHÍSE

Ní bheidh aon athruithe ar sheachadadh seirbhíse do shaoránaigh seirbhíse.

Beidh Comhairle Cathrach Chorcaí i dteagmháil trí scríbhinn le tionóntaí na hÚdaráis Áitiúla, HAP & RAS.

Do Iarratasóirí Tithíochta Beidh Comhairle Cathrach Chorcaí an t-údarás tithíochta don cheantar arna aistriú.

Aistreóidh na leabharlanna i Baile an Chollaigh, Gleann Maghair agus An Blarnán ón gContae go dtí an Chathair gan aon athrú do baill na Leabharlann.

Más tionónta thú a fhaigheann tacaíocht ó Údarás Áitiúil / Scéim Cóiríochta Cíosa (RAS)/ Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta(HAP), fanann do chíos difreálach mar an gcéanna i 2019 mura bhfuil athrú ar do chúinsí.

Soláthrófar uimhir chlárúcháin do coras Scéim Rogha Tithíochta Chomhairle Cathrach Chorcaí do na hiarratais tithíochta a ceadaíodh cheana.

Beidh gach seirbhís Bóithre, Pleanála, Comhshaoil agus Ceantair Bardasach atá ag oibriú faoi Comhairle Contae Chorcaí faoi lathair ag dul faoi bhainistiú Chomhairle Cathrach Chorcaí.

Ní bheidh aon athrú ar Socraithe Motorchánach.

Ní bheidh aon athrú ar na huimhreacha teagmhála do Seirbhísí Éigeandála agus Doiteán. I gcás Éigeandála déan teagmhail le 999 no 112

## DO VÓTA

Má tá tú i do chónaí san limistéar aistrithe ba chóir go mbeadh do vóta aistrithe go huathoibríoch chuig Comhairle Cathrach Chorcaí, ach is féidir leat seiceáil ar www.checktheregister.ie chun é sin a deimhniú.

Eiseofar cártaí vótála mar is gnách chun comhairle a thabhairt duit faoi do stáisiún vótála.

## AN LIMISTÉAR AISTRITHE i BHFIGIÚIRÍ

| | |
|---|---|
| **85,000** Saoránaigh | **550KM** de Bhóithre |
| **62,567** Vótálaí | **990** Aonaid Tithíochta Shóisialta |
| **481** Iarratais Pleanála | Timpeall ar 400 Seirbhísí Chomhairle |
| **3** Leabharlanna | **9** Reiligí |

*Rachfar i dteagmháil le gach custaiméir agus gnó a bhfuil caidreamh díreach acu le Comhairle Contae Chorcaí ar leithligh sna míonna amach romhainn agus cuirfear in iúl dóibh na socruithe aistrithe gnó.*

## CEISTEANNA

Má tá ceist agat faoi tionchar an síneadh teorainne seo i ndáil leatsa, teigh i dteagmháil linn i rith uaireanta oscailte poiblí ag:

**LÍNTE FÁISNÉISE FAOI SÍNEADH TEORAINNE:**

**Comhairle Contae Chorcaí: 021 428 5054**

**Comhairle Cathrach Chorcaí: 021 492 4444**

Tá liosta de na Ceisteanna Coitianta le fáil ar líne ag:
www.corkcoco.ie | www.corkcity.ie

Tá chóip den bileog seo le fáil trí Bhéarla ó Oifigí na Comhairle agus ó na leabharlanna. Clóite ar pháipéar athchúrsáilte.

## CAD A CIALAÍONN SÉ SIN DUITSE?

Má bhfuil tú i do chonaí i mBaile an Chollaigh, an Bhlarna, Teamhair, Gleann Maghair, Dúglas, an Domhnach Broc, An Ghráinseach, Gort Phroinsias, Baile an Róistigh nó An Tóchar, beidh suim agat san fáisnéis seo.

We are Cork.

Cork County Council
Comhairle Contae Chorcaí

Cork City Council
Comhairle Cathrach Chorcaí

# TEACHTAIREACHT ÓN NA MÉARAÍ

**Comhráiteas ó Mhéara Chontae Chorcaí agus ó Ardmhéara Chorcaí.**

I mí Eanáir 2019, ritheadh reachtaíocht a tugann síneadh theorainn Chathair Chorcaí chun críche.

Tá sé mar aidhm ag an mbileog seo eolas a thabhairt duit, mar chónaitheoir nó mar ghnó laistigh den limistéar aistrithe, go n-athróidh do údarás áitiúil ó Chomhairle Contae Chorcaí go Comhairle Cathrach Chorcaí.

Rinne Príomhfheidhmeannaigh an dá Chomhairle agus a bhfoireann obair ullmhúcháin fhairsing chun an t-aistriú de bhreis is 400 seirbhís a phleanáil agus a eagrú, a raibh thart ar 85,000 saoránach páirteach ann, ó limistéar riaracháin an Chontae go dtí limistéar riaracháin na Cathrach.

**Tagann na hathruithe seo i bhfeidhm ar an 31ú Bealtaine 2019.**

Mar Mhéara an Chontae ba mhaith liom buíochas a ghabháil leat as a bheith ag obair linn agus ag cuidiú linn ár leibhéal ard seirbhíse a sheachadadh. Is mór an sásamh dúinn freastal ort.

Mar Ardmhéara, táim ag tnúth le fáilte a chur romhat chuig Comhairle Cathrach Chorcaí agus a chinntiú go leanfaidh tú ar aghaidh ag fáil na seirbhísí céanna



An Comh. Patrick Gerard Murphy
**Méara Chontae Chorcaí**



An Comh. Mick Finn
**Ard-Mhéara Chorcaí**

# ÁR NGNÓTHAÍ

Tá sé beartaithe ag an dá Chomhairle na seirbhísí gnó a aistriú gan uaim.

Leanfaidh Comhairle Contae Chorcaí ag bailiú rátaí gnó go dtí deireadh 2019.

Beidh Comhairle Cathrach Chorcaí freagrach as rátaí don Chathair sínte ó 1ú Eanáir 2020.

# ÁR NGRÚPAÍ POBAIL

Ní bheidh aon athrú le maoiniú comhphobail.

Le linn 2019 beidh Comhairle Cathrach Chorcaí ag gabháil teagmhála le phobail áitiúla agus ag bualadh le grúpaí phobail.

# 2019 / AMLÍNE

**25Ú EAN** – Reachtaíocht a ligeann don síneadh a chur le teorainn na cathrach á síniú mar dlí ag an tUachtarán Ó Uigínn

**15Ú FEA** – D'aistrigh níos mó ná 62,567 vótálaí i gContae Chorcaí go dtí an chathair sínte tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar Chlár na dToghthóirí

**AIB** – Eiseoidh Comhairle Cathrach Chorcaí comhfhreagras chuig Gníomhairí Pleanála i gContae Chorcaí atá ann cheana féin, sealbhóirí ceadúnais, eagraíochtaí spóirt, an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí / grúpaí pobail áitiúla

**AIB** – Eiseoidh Comhairle Contae Chorcaí comhfhreagras i scribhinn chuig Gníomhairí Pleanála i gContae Chorcaí atá ann cheana féin, sealbhóirí ceadúnais, eagraíochtaí spóirt, an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí / grúpaí pobail áitiúla

**BEA** – Eiseoidh Comhairle Cathrach Chorcaí comhfhreagras i scríbhinn chuig iarratasóirí tithíochta Chomhairle Contae Chorcaí

**BEA** – Eiseoidh Comhairle Contae Chorcaí comhfhreagras i scríbhinn chuig iarratasóirí tithíochta Chomhairle Contae Chorcaí

**24Ú BEA** – Toghcháin Áitiúla

**31Ú BEA**

Timpeall ar 85000 saoránaigh agus 400 seirbhísí ag aistriú chuig Cathair Chorcaí

Beidh gach seirbhís (seachas rátaí gnó) ag aistriú ó Comhairle Contae Chorcaí chuig Comhairle Cathrach Chorcaí.

**MEI** – An Chéad cruinniú den dá Chomhairlí nua ag tarlúint


**SAM/NOL** – Comhairle Contae Chorcaí ag scríobh chuig na Íocóirí Ráta

**1Ú EAN** – Comhairle Cathrach Chorcaí mar an t-Údarás rátála

## EOCHAIR EOLAIS

- Teorainn Nua Chathair Chorcaí
- Sean Teorainn Chathair Chorcaí

- Toghcheantar Áitiúil Chathair Chorcaí Thoir Thuaidh
- Toghcheantar Áitiúil Chathair Chorcaí Thiar Thuaidh
- Toghcheantar Áitiúil Chathair Chorcaí Lár-Theas
- Toghcheantar Áitiúil Chathair Chorcaí Thoir Theas
- Toghcheantar Áitiúil Chathair Chorcaí Thiar Theas




# TEORAINN CHATHAIR CHORCAÍ

We are Cork.

Cork County Council
Comhairle Contae Chorcaí

Cork City Council
Comhairle Cathrach Chorcaí

Tá léarscáil idirghníomhach le fáil chun cabhair a thabhairt do dhaoine an teorainn a fheiscint go sonrach ar: **www.corkcity.ie**

Cóipcheart Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann - Uimhir Cláraithe: 2019/05/CCMA/CorkCityCouncil